

Achoimre Feidhmiúcháin

Achoimre ar na Príomhshrianta

Daonra agus Sláinte an Duine

- Breathnóidh an fhoireann tionscadail ar úsáid áineasa agus ar thaitneamhachtaí a théann chun tairbhe don daonra áitiúil laistigh de Limistéar na Scéime, a bhféadfadh tionchar a bheith air trí bhearta maolaithe tuilte féideartha a thógáil, agus/nó a d'fhéadfadh srianta a chur ar inmharthanacht agus/nó dearadh na mbeart seo.
- Cinntoidh dearadh na scéime nach laghdófar luach taitneamhachta poiblí Limistéir na Scéime. Breathnófar ar an tionchar ar limistéir thaitneamhachta poiblí in aice leis na haibhneacha ar nós siúlóidí cois abhann, páirceanna agus clóis súgartha, agus molfar maolú athsholáthair más gá.
- Breathnóidh an fhoireann tionscadail ar go leor gnéithe turasóireachta laistigh de Limistéar na Scéime, a bhféadfadh tionchar a bheith orthu trí bhearta maolaithe tuilte féideartha a thógáil agus/nó a d'fhéadfadh srianta a chur ar inmharthanacht agus/nó dearadh na mbeart seo.
- Déanfaidh an fhoireann tionscadail machnamh ar an tábhacht a bhaineann leis an nascacht leis na huiscebhealaí a théann chun tairbhe don daonra áitiúil laistigh de Limistéar na Scéime, a bhféadfadh tionchar a bheith air trí bhearta maolaithe tuilte féideartha a thógáil agus/nó a d'fhéadfadh srianta a chur ar inmharthanacht agus/nó dearadh na mbeart seo.
- Cinntoidh aon tograí dearaidh go gcoimeádtar aon droichid thar shruthchúrsaí ionas go laghdófar cur isteach go buan nó go sealadach ar naisc iompair áitiúla agus ar rochtain ar thithe agus ar ghnóthaí i Limistéar na Scéime.

Bithéagsúlacht

- Mar gheall ar an gcosaint dhlíthiúil agus an tábhacht chaomhnaithe a thugtar do láithreáin atá ainmnithe faoi na Treoracha um Éin agus Ghnáthóga, baineann na srianta éiceolaíochta is suntasaí leis an gcríos cósta agus leis na cúrsaí uisce sin a bhfuil nascacht dhíreach acu leis na suímh Eorpacha sin atá suite sa Limistéar Scéime.
- Leagann torthaí an athbhreithnithe deisce béim ar réimse na ngnáthóg agus speiceas agus na srianta éiceolaíochta i Limistéar na Scéime agus nascacht na sruthchúrsaí le limistéir a bhfuil ina n-ábhar inní maidir le caomhnú agus speicis, ar dócha go mbeidh tionchar ag roghanna atá á mbreithniú ag céim roghnúcháin na roghanna.
- Cailteanas nó suaitheadh áitiúil féideartha an fhlóra/fhána. Ní mór an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar Éisc (Salmainidí, Loimpre, Eascanna) Madraí Uisce agus Ialtóga a mhaolú. Tá bearta maolaithe oiriúnacha indéanta go teicniúil.
- Is speiceas de chuid Iarscríbhinn IV iad na Madraí Uisce agus ní mór na tionchair indíreacha ar cháilíocht uisce agus iasc mar fhoinsí bia a mhaolú.
- Uainíocht mheántéarmach go fadtéarmach ar ghnáthóg iascaigh i ndobharlach íogair mar gheall ar bhallaí molta a mbeidh tochair agus athchóiriú bruach ag teastáil leo. Ní mór an Tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar Éisc (Salmainidí, Loimpre, Eascanna) a mhaolú.
- Ní mór tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar Éin i dtarmaí suaithe a sheachaint. Tá bearta maolaithe oiriúnacha indéanta go teicniúil.

Talamh agus Ithir

- Laistigh de Limistéar na Scéime, an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe, tá an bhuncarraig comhdhéanta d'aolchloch chnámharlaigh bhánliath ghlan ón Fhoirmíocht Bhoirne. Siar ó Abhainn na Gaillimhe, is í an bhuncarraig a fhaightear ná an foirmiú Eibhear Mhuirbhígh agus an Fhoireann Meiteagabró agus Naghais (neamhdhifreáilte).
- Léiríonn léarscáiliú ceathartha dríodair an SGÉ an talamh réitithe atá i gceantar uirbeach Chathair na Gaillimhe; tillí a thagann as aolchloch i Limistéar Scéime an iarthair; agus móin eanaigh feadh bhruacha Abhainn na Gaillimhe (ó thuaidh ó Dhroichead na mBradán) agus Abhainn Thír Oileáin.
- Tabharfar aird ar leith ar ghnéithe carstacha laistigh de Limistéar na Scéime, agus ar leochaileacht screamhuisce a bhaineann leis. Áirítear san uiscíoch carst gnéithe a bhaineann le héiceachórais atá ag brath ar screamhuisce ar nós toibreacha agus turlaigh.
- D'aithin athbhreithniú deisce ar úsáidí láithreáin, stairiúla agus reatha, limistéar ina bhfuil níos mó riosca d'ithir éillithe atá bainteach le húsáid talún. Nuair is féidir, seachnófar tochtail sna limistéar seo.
- De réir mar a fhorbraítear an scéim atá beartaithe, moltar go ndéanfaí imscrúdú geoiteicniúil chun geolaíocht áitiúil agus coinníollacha talún a aithint.

Uisce

- Déanfar aon astarraingtí ó Abhainn na Gaillimhe, a d'fhéadfaí a aithint le linn an staidéir innealtóireachta, a chosaint i ndearadh na scéime. Tá Abhainn na Gaillimhe sainithe faoi Airteagal 7 Astógála Uisce Óil de Chreat-Treoir Uisce an AE (Treoir 2000/60/CE) agus liostaithe faoi Phlean Bainistíochta Abhantraí Cheantar Abhantraí an Iarthair 2009-2015 mar Dhobharlach Uisce Óil.
- Tógfaidh dearadh na scéime príomhchuspóirí Phlean Bainistíochta Cheantar Abhantraí an Iarthair 2009-2015 san áireamh, trína chinntiú nach dtéann cáilíocht an uisce in olcas mar thoradh ar aon oibreacha beartaithe.
- Cinnteoidh dearadh na scéime nach dtéann cáilíocht an uisce i SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin 0000268) in olcas mar thoradh ar aon oibreacha beartaithe chomh maith leis na gnáthóga agus na speicis atá ag brath ar uisce atá faoi chosaint a aithnítear.
- Tá roinnt limistéir snámha i gCuan na Gaillimhe, go háirithe i gceantar Bhóthar na Trá. Cinnteoidh dearadh na scéime nach dtéann cáilíocht an uisce sna láithreacha seo in olcas mar thoradh ar aon oibreacha beartaithe.
- Tá Abhainn na Gaillimhe liostaithe faoi Rialacháin Aibhneacha Salmainide (IR 293 de 1988) atá dírithe ar uiscí a chosaint chun tacú le hiasc.
- Tá Abhainn Thír Oileáin ainmnithe le haghaidh roinnt íogaireachtaí ar nós brúnna hidreamoirfeolaíochta, brúnna rith chun srutha uirbeacha agus tá aicme riosca dobharlaigh abhann 'i mbaol' aici faoin gCreat-Treoir Uisce.

Aer agus Aeráid

- Ní shamhlaítear go mbeidh drochthionchar fadtéarmach ag scéim faoisimh tuilte ar cháilíocht an aeir sa Limistéar Staidéir.
- D'fhéadfadh tionchar áitiúil sealadach a bheith ann le linn na n-oibreacha tógála a bhaineann leis an scéim faoisimh tuilte, go háirithe mar gheall ar ghiniúint áitiúil dusta le linn roinnt oibríochtaí tógála.

- Tabharfar aird ar na freagrachtaí beartais agus reachtaíochta sa Scéim bheartaithe maidir le hathrú aeráide agus oiriúnú náisiúnta.

Sócmaidíní Ábhartha

- Moltar na láithreacha fónais agus seirbhísí faoi thalamh atá ann cheana féin agus atá beartaithe in aice le haon scéim faoisimh tuilte a dhearbhu mar chuid den Staidéar Innealtóireachta. Moltar dul i gcomhairle le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le soláthraithe fónais eile a bhfuil seirbhísí acu i Limistéar na Scéime maidir le suíomh agus tosaíocht na seirbhísí reatha agus beartaithe. Moltar freisin go ndéanfaí na seirbhísí a chosaint mar chuid d'aon scéim faoisimh tuilte atá beartaithe.
- Moltar dul i gcomhairle le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le haon tionchar ar bhonneagar bóithre reatha agus beartaithe i Limistéar na Scéime as aon scéim faoisimh tuilte atá beartaithe.
- Moltar go gcloítear le riachtanais Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe maidir le measúnuithe bainistíochta dramhaíola.
- Moltar go gcloítear le Treoirlínte Dea-Chleachtais an EPA ar Phleananna Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála (2021) maidir le bainistiú dramhaíola.

Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha

- Aithníodh 234 láithreán RMP/SMR nó grúpaí láithreán laistigh de Limistéar na Scéime, agus faightear líon ard díobh seo i Lár Chathair na Gaillimhe. As na 234 láithreán taifeadta, tá trí cinn ainmnithe mar Shéadchomharthaí Náisiúnta agus measfar mar phríomhshrianta iad.
- Laistigh de limistéar na scéime tá na srianta oidhreachta ailtireachta is suntasaí suite in aice leis na canálacha agus leis an gcainéal abhann, laistigh de limistéir (mar gheall ar nádúr na scéime atá faoi bhreithniú) a bhféadfadh moltaí sa todhchaí cur isteach orthu.
- Aithníodh dhá cheann déag de struchtúir/grúpa struchtúr dá leithéid, atá liostaithe mar Struchtúir Chosanta nó laistigh d'Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) ag an gcéim seo agus ba cheart iad a mheas mar phríomhshrianta oidhreachta ailtireachta.
- Meastar gur ceantar acmhainneachta seandálaíochta í Abhainn na Gaillimhe, chomh maith le Loch an tSáile, sruthchúrsaí níos lú agus imeall an chósta. Is féidir go bhfuil iarsmaí seandálaíochta agus/nó déantáin faoi uisce sna dobharlaigh. Meastar go léiríonn gach dobharlach (agus a n-imeall), ina n-iomláine, srianta seandálaíochta.
- Tá Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) faoi réir chosaint reachtúil agus is príomhshrianta iad. Tá 11 ACA laistigh de Limistéar na Scéime, atá comhdhéanta de limistéir éagsúla laistigh de Lár Chathair na Gaillimhe.

Tírdhreach

- Is iad na príomhshrianta do Limistéar na Scéime ná na struchtúir stairiúla atá ann cheana féin (ballaí cé/fánáin/céimeanna, foirgnimh, droichid, troscán sráide), cosaint agus caomhnú na gcrann agus na ngnáthóg lánfhásta atá ann cheana féin, rochtain do dhaoine agus cosaint na bpríomhradhairc sainithe.
- Baineann na príomhshrianta tírdhreacha i Limistéir na Scéime le héagsúlacht na gceantar éiceolaíochta/tírdhreacha agus cultúrtha, comhdhéanta de mhaitrís de phromanáid cósta, limistéir chuain oibre/stairiúla/taitneamhachta, imeall locha/dobharlaigh ag Loch an tSáile,

conair abhann/chanála le cosáin phoiblí, ballaí cloiche stairiúla/mullaird/coraí/gnéithe canála, plandú crann/scrobarnach, tailte spóirt, limistéir thaitneamhachta agus spásanna oscailte.

- Tá comhghaol láidir idir na srianta tírdhreacha seo agus ceantair a bhfuil tábhacht éiceolaíochta ag baint leo, rud a chuireann le héagsúlacht agus spéis iomlán tírdhreacha.
- Baineann na príomhsrianta amhairc le radhairc chosanta agus radhairc lánléargais, taitneamhachtaí cónaithe, pobail agus sóisialta scaipthe thar limistéir uirbeacha, fo-uirbeacha agus líneacha atá suite laistigh de Limistéar na Scéime. Baineann srianta amhairc freisin le gnéithe den oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha, e.g. radhairc feadh chonairí abhann ar an oidhreacht thógtha laistigh den chathair ar nós Ardeaglais na Gaillimhe, Eaglais San Nioclás etc.